**Ceist i gcomhair freagra ó bhéal O-000049/2022**
**ar an gCoimisiún**
Riail 136
**Kosma Złotowski** (ECR), **Anna Zalewska** (ECR), **Beata Kempa** (ECR), **Jarosław Kalinowski** (PPE), **Miriam Lexmann** (PPE), **Andrzej Halicki** (PPE), **Bernhard Zimniok** (ID), **Alexis Georgoulis** (The Left), **Ryszard Czarnecki** (ECR), **Karol Karski** (ECR), **Jörg Meuthen** (NI), **Maria Grapini** (S&D), **Valdemar Tomaševski** (ECR), **Radan Kanev** (PPE), **Krzysztof Hetman** (PPE), **Zbigniew Kuźmiuk** (ECR), **Elżbieta Kruk** (ECR), **Joanna Kopcińska** (ECR), **Gianna Gancia** (ID), **Ondřej Knotek** (Renew), **Elżbieta Rafalska** (ECR), **Andżelika Anna Możdżanowska** (ECR), **Michèle Rivasi** (Verts/ALE), **Jarosław Duda** (PPE), **Anna Fotyga** (ECR), **Hermann Tertsch** (ECR), **Joachim Stanisław Brudziński** (ECR), **Andrus Ansip** (Renew), **Bogdan Rzońca** (ECR), **Beata Szydło** (ECR), **Tudor Ciuhodaru** (S&D), **Manolis Kefalogiannis** (PPE), **Nicola Procaccini** (ECR), **Beata Mazurek** (ECR), **Margarita de la Pisa Carrión** (ECR), **Adam Bielan** (ECR)

Ábhar: Atógáil acmhainneacht táirgeachta na hEorpa le haghaidh comhábhair ghníomhacha chógaisíochta

Faoi láthair, is ón tSín agus ón India go príomha a thagann na comhábhair ghníomhacha chógaisíochta (API) a úsáidtear i gcógas a tháirgtear laistigh den Aontas (thart ar 80 % de API). Ar an gcaoi chéanna, is ó na tíortha thuasluaite a thagann thart ar 40 % de na cógais uile a dhíoltar san Eoraip. Tá an staid mar atá i ngeall ar an gcostas ard a bhaineann le táirgeadh API san Eoraip, a chinntear, as measc nithe eile, leis an ngá atá le dianchaighdeáin chomhshaoil a chomhlíonadh.

Ag an am céanna, ní fhacamar tionscnaimh leormhaithe ar leibhéal an Aontais a thabharfadh spreagadh do mhonaróirí chun infheistíocht a dhéanamh i dtáirgeadh API laistigh den Aontas. Tá sé aitheanta cheana féin ag roinnt tíortha a thromchúisí atá an fhadhb agus tá sásraí áitiúla tugtha isteach acu chun monaróirí a spreagadh chun infheistíocht a dhéanamh i dtáirgeadh cógaisíochta intíre. Chun go n-éireoidh leis na bearta sin, áfach, ní mór gníomhaíocht uile-Aontais a sheoladh.

1. An aithníonn an Coimisiún scála na faidhbe a bhaineann leis an nganntanas cógas leighis agus an bhagairt don tsláinte phoiblí san Aontas dá thoradh sin, a eascraíonn as spleáchas earnáil chógaisíochta na hEorpa ar sholáthraithe API ó thríú tíortha?

2. Cad iad na gníomhaíochtaí atá déanta ag an gCoimisiún go dtí seo chun acmhainneacht táirgeachta API na hEorpa a neartú, agus ar baineadh amach na torthaí a bhí beartaithe leis na gníomhaíochtaí sin, lena n-áirítear táirgeadh API a athlonnú chun na hEorpa?

3. An bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún straitéis ar leith a ghlacadh chun acmhainneacht táirgeachta API a athbhunú san Aontas, ag cur san áireamh an gá atá le hathruithe rialála agus tacaíocht airgeadais do chuideachtaí cógaisíochta ar mian leo comhábhair ghníomhacha chógaisíochta a tháirgeadh san Eoraip?

Curtha síos: 16.11.2022

Spriocdháta i gcomhair freagra: 17.2.2023